**Teimpléad Achoimre**

Lámhleabhar Measúnaithe CHARM-EU

4.6

Lubberta de Jong, Sanne Van Vugt, Silvia Gallagher, Maria Hercz, Patricia Cucchi, Harold Bok

Gloria Robert

**Achoimre Feidhmiúcháin**

**Réamhrá (100 focal ar a mhéad)**

Tá eolas agus treoir oideolaíochta san acmhainn seo chun cuidiú leat cur chuige CHARM-EU i leith dearadh measúnaithe a thuiscint. Tugtar tuairisc inti ar na treoirlínte praiticiúla maidir le cur chuige uathúil CHARM-EU i leith measúnaithe. Tacaíonn an t-eolas seo le cur chun feidhme rathúil an mheasúnaithe agus míníonn sé an tionchar a bheidh ag an méid seo ar chleachtais teagaisc agus foghlama. Baineann an acmhainn seo le páirtithe leasmhara uile CHARM-EU a bhfuil spéis acu sa mheasúnú nó a bhfuil a bhfuil baint acu leis. Is féidir le gairmithe teagaisc agus foghlama í a úsáid chun cleachtais mheasúnaithe a dhearadh agus measúnú a dhéanamh ar mhic léinn ar leibhéal an Mhodúil.

**Príomhphointí (400 focal ar a mhéad)**

- Is cuid lárnach de chlár measúnaithe CHARM-EU í forbairt na mac léinn thar thréimhse níos faide ama mar aon le béim ar an bhfoghlaim agus mic léinn a spreagadh chun a gcuid spriocanna foghlama féin a shocrú. Tá measúnuithe ar leibhéal an mhodúil, comhairle ó mheantóirí agus cinntí maidir le céimeanna ar phríomhghnéithe dár gclár mheasúnaithe.
- Áirítear mar chuid d'aistear measúnaithe ár mac léinn: meaitseáil idir mic léinn agus meantóirí, gníomhaíochtaí foghlama, measúnaithe modúil curtha i gcrích ag mic léinn, cruinnithe idir mic léinn agus meantóirí, aiseolas ar mheasúnuithe, agus cinneadh faoin leibhéal céime ina dhiaidh sin.
- Laistigh de chlár measúnaithe CHARM-EU tá na róil agus na freagrachtaí seo a leanas againn: mac léinn, measúnóir modúil, comhordaitheoir modúil, meantóir agus scrúdaitheoir céime.
- Bainimid úsáid as 6 Toradh Foghlama Cláir (PLO), a ghabhann le Torthaí Foghlama na Modúl, a chuireann síos ar phróifíl chéimí CHARM-EU. Baineann siad le Réimsí PLO, a chuireann ar ár gcumas an mac léinn a rianú thar thréimhse ama níos faide. Faoi dheireadh, déanfar measúnú ar cé acu ar éirigh nó nár éirigh leis an mac léinn sna réimsí PLO ar fad ar leibhéal leordhóthanach. Is iad an Inbhuanaitheacht, an tIdirdhisciplíneachas, Dúshláin a Réiteach, Comhar, Cumarsáid, Scoláireacht agus Scileanna Digiteacha na réimsí PLO.
- Tá baint ag gach measúnú in aon Mhodúl leis na réimsí PLO. Is é an toradh atá air sin i ngach measúnú Modúil ná luacháil in aghaidh an réimse PLO. I ndiaidh an iliomad measúnuithe Modúil, tá eolas leordhóthanach ann ar an mbealach a bhfuil ag éirí leis an mac léinn chun an cinneadh a dhéanamh i leith fhorchéimniú an mhic léinn (i.e., Cinneadh Céime).
- I rith na Céime, bailíonn an mac léinn go leor measúnuithe Modúil. Ar a bharr sin, tá comhairle ó mheantóir ar fáil. Leis seo, bíonn cruinniú ag meantóir leis an mac léinn agus pléann sé an t-aiseolas a fuarthas leis an mac léinn agus téann siad i mbun

gníomhaíochtaí le chéile chun feidhmíocht an mhic léinn amach anseo a fheabhsú. Scríobhann an meantóir píosa maidir lena dhearcadh i ndáil le forchéimniú agus feidhmíocht an mhic léinn.

- Le measúnuithe Modúil agus comhairle ó Mheantóirí, tugtar léargas láidir agus cruinn ar an mbealach a bhfuil ag éirí leis an mac léinn.
- Baineann CHARM-EU úsáid as rúibricí chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na mac léinn. Is uirlis í an rúibric, lena gcuimsítear tuairisc ar na leibhéil feidhmíochta, chun grádú agus nó aiseolas ar obair na mac léinn a chumasú.
- Déantar gach eolas maidir leis an measúnú, na táirgí a bhaineann leis na measúnuithe Modúil san áireamh, a uaslódáil san r-phortfóilió Scorion. Ag deireadh gach Céime, déanfar cinneadh maidir lenar éirigh leis an mac léinn nó nár éirigh i dteannta le marc (0-100%) bunaithe ar an r-phortfóiló.
- Ní hamháin gur cartlann a stórálann na sonraí é an r-phortfóiló, tá deais aige freisin lena n-amharcléirítear na sonraí i dteannta fhorléargas an aiseolais inste.